2024/1294

6.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1294 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2024

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2867 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na prionsabail agus na critéir threoracha a leagan amach lena sainítear na nósanna imeachta chun luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma inseirbhíse a fhíorú (fíorú inseirbhíse)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid sna leaganacha Gearmáinise agus Ollainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2867 ón gCoimisiún ([2]) in Airteagal 1(2), pointe (b), a mhéid a bhaineann leis na himthosca nach mbeadh feidhm ag an Rialachán sin fúthu maidir le monaróirí áirithe. Déanann an earráid difear do shubstaint an Rialacháin sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Gearmáinise agus Ollainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2867 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/6627 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na prionsabail agus na critéir threoracha a leagan amach lena sainítear na nósanna imeachta chun luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma inseirbhíse (fíorú inseirbhíse) a fhíorú (IO L, 2023/2867, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2867/oj).